## Tuarascáil ar nochtadh faoi chosaint, 2020

Faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh faoi Chosaint, 2014, éilítear ar gach comhlacht poiblí tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina leagtar amach an líon de nochtadh faoi chosaint a fuarthas sa bhliain roimhe agus an gníomh a rinneadh (más ann). Leis an tuarascáil seo níor chóir go ndéanfaí nochtadh inaitheanta do dhaoine dá barr.

Cothaíonn muid timpeallacht thacúil dár mbaill foirne chun cúiseanna imní a ardú maidir le héagóir, nó éagóir fhéideartha, san ionad oibre agus cuireann muid na tacaíochtaí riachtanacha ar fáil do bhaill foirne a n-ardaíonn fíorchúiseanna imní.

Chuir ball foirne cúis imní amháin den chineál in iúl do Ghrúpa Nochtuithe Cosanta na gCoimisinéirí Ioncaim (PDG) i mí na Nollag 2020 faoi 'Beartas na gCoimisinéirí Ioncaim um Thuairisciú Nochtuithe Cosanta san Ionad Oibre'. Tar éis don PDG measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fail, measadh nach raibh t-ábhar taobh istigh de scóip an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014. Tarchuireadh an t-ábhar chuig bainisteoirí cuí na gCoimisinéirí Ioncaim agus tá gníomh leantach tógtha.

'Duine forordaithe' is ea ár Stiúrthóir Iniúchóireachta Inmheánaí chun nochtuithe cosanta a fháil ar ábhair a bhaineann le cánacha agus dleachtanna a mheasúnú, a bhailiú agus a bhainistiú. Fuair an Stiúrthóir Iniúchóireachta Inmheánaí trí nochtadh seachtrach in 2020.

Tá na Coimisinéirí Ioncaim ina mbaill de chlár Ionracas ag an Obair de chuid Trédhearcacht Idirnáisiúnta na hÉireann agus tá muid tiomanta d'ionad oibre eiticiúil a chothú. In 2020, fuair 20 eochairbhall foirne oiliúint ar phrionsabail an dea-chleachtais maidir le déileáil le sceithireacht agus nochtuithe cosanta.